Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13864/18**

**ECOFIN 1011**
**ENV 716**
**CLIMA 199**
**FIN 855**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide<br>- Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide (6 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3646ú cruinniú dá cuid, a bhí aici ar an 6 Samhain 2018 sa Bhruiséil. Tabhair faoi deara gur ceartaíodh earráid teanga i mír 10.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ECOFIN 2018 maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tacaíocht láidir an Aontais gona Bhallstáit do chur chun feidhme pras Chomhaontú Pháras mar aon le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. CUIREANN SÍ I dTREIS gealltanas an Aontais tacar rialacha stóinsithe agus lánfheidhmiúil a cheapadh agus é ina thoradh ar chlár oibre Chomhaontú Pháras ag COP24, a bhfuil fíorghá leis chun ullmhú d'uaillmhian, do thacaíocht agus d'infheistíocht fheabhsaithe lena bhféadfar cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach.
2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dul chun cinn gasta agus uaillmhianach a dhéanamh maidir le sreafaí airgeadais, ionas go mbainfear amach leo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dul chun cinn i dtreo an chuspóra sin a dhéanamh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach maidir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin agus ba cheart aird chuí a thabhairt air sin laistigh d'ollstruchtúr UNFCCC. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dul chun cinn comhchoiteann a spreagadh maidir le cuspóir Airteagal 2.1c de Chomhaontú Pháras agus measúnú éifeachtach a dhéanamh air sin, lena n-áirítear tríd an athbhreithniú domhanda, ach gan a bheith teoranta don athbhreithniú sin, agus chun obair bhreise a dhéanamh ar mhodhanna agus módúlachtaí chun críocha an chuspóra sin.
3. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mbeidh maoiniú poiblí amháin leordhóthanach choíche chun maoiniú a dhéanamh ar an aistriú i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá ról an bheartais phoiblí i ndáil leis an méid sin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an méid a baineadh amach le déanaí sa réimse sin san Aontas Eorpach, lena n-áirítear uaillmhianta phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le fás inbhuanaithe a mhaoiniú, agus ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
4. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur príomhchuid de thimpeallacht chumasúcháin is ea an phraghsáil carbóin d'fhonn sreafaí airgeadais a ghríosú i dtreo infheistíochtaí glasa agus infheistíochtaí inbhuanaithe, d'fhonn tacú leis an aistriú chuig leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairtí atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus d'fhonn réitigh nuálacha ar laghdú astaíochtaí a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI agus TACAÍONN SÍ leis an méid seo a leanas: i) tionscnaimh praghsála carbóin, lena n-áirítear iad siúd lena gcothaítear cumas sna tíortha i mbéal forbartha; ii) an úsáid a bhaineann cuideachtaí agus institiúidí airgeadais, lena n-airítear bainc iltaobhacha agus bainc forbartha eile, as praghsanna inmheánacha carbóin; agus iii) tionscnaimh lena moltar deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol nó don gheilleagar agus maoiniú a laghdú go gasta do na tionscadail a tháirgeann a lán astaíochtaí.

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas gona Bhallstáit dlús a chur leis an maoiniú idirnáisiúnta a shlógfar don troid i gcoinne an athraithe aeráide, mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh, ar bhonn comhpháirteach, in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2025, don mhaolú agus don oiriúnú, ar maoiniú é a thiocfaidh ó raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus trí bhealaí éagsúla. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus CUIREANN SÍ I bhFIOS gurb iad an tAontas Eorpach gona Bhallstáit i gcónaí na soláthraithe maoinithe phoiblí is mó don troid i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear do na cistí aeráide iltaobhacha, agus chuir siad maoiniú EUR 20.4 billiún[1] ar fáil don troid i gcoinne an athraithe aeráide don bhliain 2017. TATHANTAÍONN SÍ ar na tíortha forbartha eile leanúint le dlús a chur leis an maoiniú a sholáthraítear don troid i gcoinne an athraithe aeráide. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go mbeidh ról tábhachtach leanúnach ag maoiniú poiblí don troid i gcoinne an athraithe aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an earnáil phríobháideach agus í ina príomhfhoinse mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá díriú ar mhaoiniú poiblí chun cistiú ón earnáil phríobháideach a ghiaráil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla d'fhonn gníomhú maolúcháin agus oiriúnúcháin a mhaoiniú.
6. ATHDHEARBHAÍONN sí tiomantas an Aontais agus na mBallstát don iarracht dhomhanda faoi stiúir tíortha forbartha maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh ó raon leathan foinsí, agus sa chomhthéacs sin, an sainordú ó COP21 a chomhlíonadh chun cinneadh a dhéanamh, roimh 2025, maidir le sprioc chomhpháirteach chainníochtaithe nua dar luach ar a laghad USD 100 billiún in aghaidh na bliana. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le héagsúlacht leathan foinsí maoinithe, chomh maith le raon níos leithne de ranníocóirí. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá peirspictíocht atá dírithe ar thorthaí i ndáil leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide lena n-áiritheofar go mbeidh an tionchar is fearr is féidir ag na cistí a chuirfear ar fáil agus a shlógfar.
7. IS CÚIS ÁTHAIS DI an ráiteas comhpháirteach ón gClub Airgeadais don Fhorbairt Idirnáisiúnta agus ó na Bainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) ag Cruinniú Mullaigh *One Planet* 2017, lena n-athdhearbhaítear a dtiomantas comhpháirteach a sreafaí airgeadais a ailíniú le Comhaontú Pháras. TATHANTAÍONN SÍ ar na MDBanna leanúint le dlús a chur le hinfheistíochtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide, lena gcuirfear leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2017, agus na gnéithe i ndáil leis an aeráid ina bpunanna uile a phríomhshruthú a thuilleadh agus ag an am céanna a gcuid acmhainní a úsáid ar bhealach níos nuálaí agus níos éifeachtaí chun maoiniú príobháideach a ghiaráil a thuilleadh. Thairis sin, MOLANN SÍ do na MDBanna beartais infheistíochta fhreagracha a ghlacadh agus céimniú amach a dhéanamh ar mhaoiniú na ngléasraí cumhachta gualbhreoslaithe agus riachtanais forbartha inbhuanaithe agus fuinnimh ár dtíortha comhpháirteacha á gcur san áireamh. IARRANN SÍ ar na MDBanna dlús a chur le hailíniú a gcuid gníomhaíochtaí agus é mar chuspóir leis sin go mbainfear amach leis na sreafaí airgeadais leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

[1] Áirítear san fhigiúr sin foinsí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó bhuiséid phoiblí agus ó institiúidí airgeadais eile don fhorbairt, mar a thuairiscigh na Ballstáit i gcomhthéacs Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013. Áirítear san fhigiúr sin freisin maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide dar luach EUR 2.8 billiún ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta, agus EUR 2.6 billiún ó BEI.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh an creat feabhsaithe trédhearcachta faoi Chomhaontú Pháras a bheidh ann amach anseo ina ghné ríthábhachtach de chur chun feidhme rathúil an chomhaontaithe, lena n-áirítear trí fheabhas éifeachtach a chur ar rianú an mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide trí chomhaontú maidir le módúlachtaí stóinsithe, nósanna imeachta agus treoirlínte don tacaíocht a chuirtear ar fáil, a shlógtar, a iarrtar agus a fhaightear. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dul chun cinn cothrom a áirithiú i ngach gné den chreat trédhearcachta, agus le creat tuairiscithe stóinsithe a chomhaontú ag COP 24, lena spreagtar gníomhaíocht éifeachtach, tacaíocht agus infheistíocht. AONTAÍONN SÍ gur gá modheolaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh chun rianú a dhéanamh ar mhaoiniú príobháideach a shlógtar trí idirghabháil phoiblí, ar bhealach iontaofa, lena gcumasófar comhbhailiú ach lena seachnófar áireamh dúbailte.

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar na hiarrachtaí atá ar bun feabhas a chur ar intuarthacht an mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide, agus é á thabhairt dá haire go bhfuil cumarsáid *ex ante* faoi Chomhaontú Pháras le bunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus nach mór di a bheith i gcomhréir le rialacha buiséid agus nósanna imeachta náisiúnta. CUIREANN SÍ I dTREIS go ndéanann an tAontas Eorpach, faoi na socruithe atá ann faoi láthair, foráil ina "straitéisí agus bealaí cur chuige chun an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú ó 2014 go 2020" ar fhaisnéis aighneachtaí maidir le sreafaí airgeadais a bheidh ann amach anseo má bhíonn sí ar fáil. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé tógáil ar na modheolaíochtaí atá ann cheana, lena bhféadfar faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a chomhroinnt ar bhealach solúbtha. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS na cinntí is gá maidir leis an tsaincheist sin a dhéanamh ag COP24.

10. LEAGAN SÍ BÉIM ar an ngá le feabhas leanúnach a chur ar éifeachtacht agus comhlántacht an ollstruchtúir institiúidigh reatha do mhaoiniú na troda i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí shásra airgeadais UNFCCC. Thacaigh an tAontas gona Bhallstáit go mór leis na feabhsuithe agus na huaillmhianta méadaithe don seachtú athshlánú ar an Áis do Thimpeallacht na Cruinne agus tá siad tiomanta don obair ar phróiseas athshlánaithe don Chiste Glas don Aeráid a bheidh tráthúil, dea-bhainistithe agus rathúil. MOLANN SÍ don Chiste Glas don Aeráid féachaint le hardchaighdeáin a bhaint amach i dtionscadail chistiúcháin agus i rialú inmheánach agus chun bearnaí beartais a líonadh.

11. CUIREANN SÍ IN IÚL go leanann an tAontas gona Bhallstáit de bheith ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir slógadh maoinithe don oiriúnú agus slógadh maoinithe don mhaolú, go háirithe sna tíortha sin atá an-leochaileach d'iarmhairtí díobhálacha an athraithe aeráide agus a bhfuil a n-acmhainní srianta go mór mór. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag maoiniú poiblí don oiriúnú agus le tacaíocht do na tíortha is leochailí, go háirithe na tíortha is lú forbairt (LDC) agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS), agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá éifeachtacht agus éifeachtúlacht an mhaoinithe sin. AITHNÍONN SÍ go bhfuil GCF ar an mbealach ceart lena sprioc 50 faoin gcéad dá chlársceidealú oiriúnúcháin a chur ar fáil do LDC, do SIDS agus don Afraic. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an ranníocaíocht ón gciste oiriúnaithe agus ó chiste na dtíortha is lú forbairt, darb iad na Ballstáit na deontóirí is mó, mar chuid den mhaoiniú don oiriúnú.